polaitíoċt

Solus Geal na Poiblíoċta is Beaṫa don Poiliticeoir

Le cúpla seaċtain anuas, bíomar ag caint ar scáilí rialtaisi Fine Gael agus Oibriṫe, agus na h-aṫraiṫe agus ainmniúċáin ionntu. D'ḟéidir nár ṁiste dúinn breac-ḟéaċaint a ṫabairt tar n-ais ar an Rialtas dáiríribh a ċeap an Taoiseaċ, Seán F. Lemass, agus féaċaint ar cad tá dá rá, díoḃ sé fíor nó 'na bréig, faoi na h-aṫraiṫe agus na ceapaċáin.

Rud amháin a tugaḋ fé ndear faoi na ceapaċáin seo, nó gur sceiteaḋ an scéal roiṁré, tamall maiṫ roiṁré rud naċ gnáċ ar ċor ar biṫ i gceapaċáin Ḟianna Fáil. An féidir go raiḃ brí ar leiṫ faoi sin, agus go raiḃ sé mar sip-ín sa gaoiṫ, féaċaint conus mar a glacfaí leis na ceapaċáin imeasc na dTeaċtaí Dála féin ar tús, ag muintir an ṗáirtí sa tír ansin, agus ag an ṗobal go ginearálta. Tá ċuile seans gur sin mar ḃí. Aċ, ansin, an tUasal Ó Loinsiġ, a rinne gnó go maiṫ, ⁊ a rinne ainm dó féin san am ċéanna i mbun Roinn Tionscail ⁊ Tráċtála, an roinn ar ċáiṫ an Taoiseaċ beagnaċ iomlán a ṡaoil poiblí poiliticiúil ann ina ḃun. H-aistríoḋ an tUasal Ó Loingsiġ go dtí Aireaċt eile — Aireaċt an Airgeadais. Ag breaṫnú air san gnáċ slí, ċaiṫfí a rá gur ardú céime é seo. Glactar gurb é an Roinn Airgeadais an Roinn is táḃaċtaí i rialtas ar biṫ, agus glactar leis an Aire Airgeadais de gnáċ, mar an duine is táḃaċtaí san Rialtas, taréis an Taoiseaċ agus an Tánaiste.

Aċ, mar sin féin, an ardú céime i ndáiríriḃ agus ardú céime os coṁair an ṗobail aṫrú go dtí Roinn an Airgeadais? Ba ea, do ḋuine meán-aosta a ḃeaḋ sásta lena ḋóiġe insan saol poiliticiúil, aċ de ṫairḃe ḋaoine óga a ḃfuil a gcosa go daingean ar rannóga íoċtaraí dréimire, d'ḟéidir naċ mar sin a ḃeaḋ agus naċ mar sin a glacfaí é. Nó cuir-eann Roinn an Airgeadais, duine amaċ ó ṡúile an ṗobail. Coiméad-ann sé amaċ é ón solus geal a loinnrios tart fá'n ċaṫaoir ríoga, agus a mbíonn luċt polaitíoċta de gnáċ, dá tóraíoċt i gcónaí. Ní mar sin de Roinn an Airgeadais de gnáċ, bíonn duine gan mórán tráċt ar feaḋ na bliana go léir, aċ amháin le linn na cáinaisnéise nó ar óċáidí den tsaġas, agus ní féidir le duine atá i mbun na roinne sin, aġaiḋ poiblí a ċumaḋ dó féin, agus a ċoimeád os coṁair an ṗobail mar duine go ḃfuil fuinneaṁ ⁊ éiḟeaċt ar leiṫ ann, agus go haiṫrid, dul ċun cinn, ann.

Mar sin de, ba é an ċosúlaċt a ḃí ann, go mbeaḋ an tUasal Ó Loinsiġ, i mbun Roinn Airgeadais ar feaḋ fada go leor, agus gan mórán ardú den aġaiḋ poiblí aige. Agus ḃí daoine áiṫrid a ḃí breá sásta gur sin mar a ḃeaḋ. Aċ, ansin, cé'n fáṫ ar cuireaḋ an Dr. Ó hIrġile mar coṁarba air, i Roinn Tionscail agus Tráċtála? Ba deacair do aon duine a rá go raiḃ aġaiḋ poiblí nó cáil dul ċun cinn, ar an Dr. Ó hIrġile. Níor réitiġ sé le mórán aicmí, agus é i mbun Roinn Oideaċais, agus ḃí sé ráite go coitianta nar stiúiriġ an Roinn Oideaċais é féin oiread ariaṁ, agus a rinne ó ċuaiġ an Dr. Ó hIrġile ina ḃun. Agus ní hé sin an saġas duine atá ag teastáil i Roinn Tionscail agus Tráċtála.

Mar sin de, cé'n fáṫ gur cuireaḋ an Dr. Ó hIrġile i mbun roinn ċoṁ rí-ṫáḃaċtaċ seo?

Ḃí sé glacta ar feaḋ tamall maiṫ roiṁ an toġċán féin go gcaiṫfí é do aistriú ó Roinn an Oideaċais, aċ ba iomaḋ roinn eile a ḃféadfaḋ sé feiḋmniú go h-éifeaċtúil ann, agus ḃí daoine eile a ḃeaḋ níos feiliúnaí i ḃfad i mbun roinn ċoṁ táḃaċtaċ le Tionscail agus Tráċtála.

Anois, tá an ċeist dá ċur, an ḃfuil an Taoiseaċ taréis teaċt ar an ḃarúil go ḃfuil muid ag dul fada go leor go fóill, i gcúrsaí tionscail agus tráċtála, ⁊ nár ṁiste dúinn a ḃeiṫ ag bualaḋ fúinn ar feaḋ tamaill i gcúrsaí tionscala, agus cuid ṁaiṫ eile forbairt a ḋéanaṁ i gcúrsaí talṁaíoċta. Agus an aṁlaiḋ, ó seo amaċ, gurb í an Roinn Tionscail agus Tráċtála a ḃeas mar Roinn ċiúin socair, agus dul ċun cinn agus aġaiḋ poiblí uiliġ ag éirí as Roinn Talṁaíoċta?

Tá sé dá rá i gciorcail áiṫrid gur sin mar atá, agus go ḃfuil aṫrú bunúsaċ ar ṗolasaí Ḟianna Fáil, agus go meastar anois go ḃfuil muid ag teaċt coṁgaraċ ċuig sprioġ-ṗointe de ṫairḃe forbairt tionsclaċ, agus gur forbairt agus próiséisiú ar torṫaí talṁaíoċta is cóir a ḃeiṫ ann san am atá le teaċt.

Os a ċoinne sin arís, tá siad ann adeir gur cúrsaí polaitíoċt, agus naċ cúrsaí geilleagar atá ann, agus naċ mór an t-aṫrú a ḃéas ann insan ṗolasaí bunúsaċ, aċ gur maiṫ an rud, dár leis an Taoiseaċ agus ceannas Ṗáirtí go mbeaḋ níos mó tráċt ar cúrsaí talṁaíoċta agus níos lú tráċt ar cúrsaí tionscail agus tráċtála, cé go mbeaḋ an caḃair agus an tacaíoċt céanna ag dul leo, mar go ḃfuil an páirtí ag cailleaḋ go trom insan Iarṫair, agus go gcaiṫfear gné níos tuaiṫe agus tacaíoċt níos mó den tuaiṫ agus don talṁaíoċt a ṫaḃairt don Iarṫar. Aċ, tugtar an triú cúis ċoṁ maiṫ, agus sé sin, gur cúrsaí pearsanra a ḃeaḋ i gceist.

Ḃí ainm agus cliú mór ar Ó Loinsiġ, agus ḃí an cliú sin ag méadú ó lá go lá. D'ḟéidir nár ṡásaiġ sé sin ar fad duine óg áiṫrid go ḃfuil a aġaiḋ i dtreo na gréine aige, agus b'ḟéidir gur measaḋ dá ndéanfaí ísliú céime ar Roinn Toinscail agus Tráċtála, agus an Loinnseaċ a ḃeiṫ aistriṫe go Airgeadais, san áiṫ naċ mbeaḋ mórán bualaḋ aige leis an ṗobal, agus fear gan mórán cliú ná cáil i mbun tionscail agus tráċtála go mbeaḋ bóṫar an ama le teaċt foscailte ag an laoċ óg i mbun talṁaíoċta agus naċ mbeaḋ aon rud lena ċosc ar ardú céime, agus réime insan aimsir roṁainn.

Aċ, ní mar a síltear a bítear, agus ní raiḃ an Loinnseaċ i ḃfad istiġ i mbun Airgeadais gur ċaiṫ sé pleascán imeasc na gcolm, ⁊ nuair a ḃí sé ag tarraingt ar ḋeireaḋ a óráid cáinaisnéise, agus aire an ṗobail agus nuaċtáin agus eile air, taréis dó óráid rí ṁaiṫ a ḋéanaṁ, ċaiṫ sé an pléascán. Mar dúirt sé naċ raiḃ sé i gceist aige go mbeaḋ an Roinn Airgeadais ina Roinn coimeádta, diúltaċ coscta, a ṫuilleaḋ, aċ, go mbeaḋ tús-iarraċt insan Roinn Airgeadais ċun spreagaḋ agus forbairt agus forbairt agus leaṫnú do ċur ar siúl, i gcoṁar leis na ranna eile.

Seo rud a d'ḟéadfaí aṫrú mór a ċuir ar cúrsaí insan aimsir atá roṁainn, agus is cinnte go mbeaḋ duine amháin ar a laġad ann, naċ mbeaḋ ró ṡásta leis an aṫrú seo, a d'ḟéadfaḋ an Roinn Airgeadais a ċur os coṁair an ṗobail ní hé mar an cuṁaċt tarraingte siar, aċ an cuṁaċt spreagṫa a ḃeaḋ ag líonaḋ amaċ, agus ag feiḋmniú an forbairt agus an leaṫnú atá roiṁ an tír seo san am atá le teaċt.

Is aṫrú é ar cúrsaí na Roinne Airgeadais, agus is aṫrú é go mb'ḟéidir naċ raḃar ag súil leis.

FEARFEASA

Cois Ḟarraige

Cáineaḋ Peadar Ó Gríofa, as Leitreaċ, Raṫún, Co. na Gaillime, £25 ag Cúirt Dúiċe na Gaillime nuair a cúisíoḋ é ar tiomáint ar meisce, tiomáint go dainséaraċ, agus nár stop sé taréis taisme ar an 6ú lá do Feaḃra. Ṫug an Dr. M. G. Little, Crescent House, Gaillim, fianaise go dtáinig sé anuas Árdán Naoṁ Uinsionn, in aice le Teaċ na Cúirte i nGaillim agus go ḃfaca sé soilse a' teaċt ina ṫreo. Ċlaonaiġ na soilse an taoḃ s'aige-san agus ċuir sé suas na coscáin, agus ċlaon sé isteaċ go dtí Cearnóg na Cúirte. Ḃuail an cárr eile i gcoinniḃ taoḃ na láiṁe deise den bumper s'aige-san agus scríoḃ sé taoḃ an ċáirr, beagnaċ go dtí an cúl. Rinneaḋ damáiste do na doirse ⁊ don piléar idir na doirse. Níor stop an cárr eile, agus nuair a d'aṁarc sé ina ḋiaiḋ, ċonaic sé go raiḃ sé ag tarraingt trailer. Ṫug sé tuairisc do na gárdaí ⁊ ar a gcoṁairle san, ċuaiġ sé go dtí geata an Ospidéil Réagúnaċ, an áit a ḃfaca sé cárr agus trailer agus ḃí an paint a fágaḋ ar an bumper s'aige-san ag cur leis an paint ar an carr. Ṫug an Garda Pádraic Mac Giolla, fianaise go ndeaċa sé féin agus an Gárda Mac Suiḃne go dtí an Ospidéal Réagúnaċ agus gur ċuir siad ceist ar Ó Gríofa, cé'n ċaoi ar ṫárla an carr a ḃeiṫ damáistiṫe. "Níl fios agamsa." An dtiocfaḋ leat insint dom?" Dúirt sé go raiḃ Ó Gríofa éigcinnte ar a ċosa. Dúirt an Gárda Mac Suiḃne é sin freisin, ⁊ dúirt siad go raiḃ cuma coḋlataċ ar Ó Gríofa. "Ba deacair breiṫ a ṫaḃairt sa ċás seo, agus ḃí sé deacair agamsa le sásaṁ cinnte dom féin, a rá cé acu ḃí sé ábalta tiomáint nó naċ raiḃ" —adúirt an Dr. Tomás Mac Ṗóil, doċtúir gárda, a scrúdaiġ Ó Gríofa, san stáisiún. Ar iarrtas L. B. Gabin, tar ċeann an ċosantóra, ċaiṫ an Giúistís de Búrca amaċ an ċúis fá tiomáint ar meisce. Dúirt sé go ḃfaiġeaḋ sé ciontaċ é ar tiomáint neaṁċúramaċ agus cáin sé £10 é. Ċáin sé £15 é as gan stopaḋ. Feirmeoir 36 bliain isea é.

Cearta Pinseáin

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill, T.D., don Aire Airgeadais, arḃ eol dó naċ raiḃ cearta pinseain ar fáil ag gangers faoi an Coṁairle Condae, a ḃí ag iompair amaċ scéimeanna tárṫála don Roinn Airgeadais, aċ go raiḃ gangers maoirseaċta i dtiodal pinsean a fáil, agus an ḃféaċfaḋ sé leis an scéal a ċeartú. Ag freagairt, dúirt an tUasal Séamas Ó Giobúin, Rúnaí Pairliminte don Aire Airgeadais nuair a ċuirtí gangers buan seas-ṁaċ i mbun scéim den tsaġas seo, go ḃféadfaḋ siad creidiúint d'ḟáil fá ċoinne cúrsaí pinsiúin, as an tréiṁse a ċaiṫ siad ann. Aċ, gur ar foireann oibre agus díolaíoċta an Ċoṁairle Condae a ḃí siad. Ḃí an ais seo le fáil ag gainearaí an Ċoṁairle Condae ċoṁ maiṫ le gaingearaí maoirseaċta, aċ ní raiḃ sé ar fáil ag daoine a ḃí ag obair don Ċoṁairle Condae, aċ a ḃeaḋ as obair maraċ an tréiṁse a ċaiṫ siad ar na scéimeanna speisialta seo.

CARNA

Tá an obair tosnaiṫe ar an mbóṫar ó Crosaire an Rí go dtí Eoċras Beag. Coṁairle Condae na Gaillime atá dá ḋéanaṁ agus tá áṫas ar ṗobal na h-áite go ḃfuil sé ar siúl fé ḋeireaḋ. Ċoṁ maiṫ le pobal na h-áite, beiḋ sé na ais mór ag iascairí agus turasóirí arḃ éigin dóiḃ a ngluaisteáin a fágáil breis agus míle ar ṡiúl ón Loċ nó ón Ḟarraige go dtí seo.

Tá scríḃneoir as an Ollain ag déanaṁ turas deiċ-lá de Éirinn ar ċuireaḋ Bord Fáilte agus ṫug sé cuairt ar Ċonamara an tseaċtain seo caite. Sé P. P. Hage é, agus ḃí agallaṁ aige le Tomás Mac Donnċaḋa, Cloċ na Rón, faoi capaillíní Ċonamara. Seo é an ċéad uair a ṫug sé cuairt ar Ċonamara agus ḃí árd ṁeas aige ar áilleaċt na tíre ⁊ an táḃaċt a ḃeaḋ ann mar ionad turasóireaċta.

Turasóirí eile a ṫug cuairt ar Ċonamara an tseaċtain seo caite ab ea Bean A. Pressier, agus Bean M. Mac Affee, deirfiúraċa do S. L. Mac an Rí, Goḃarnóir, Nua Hampshire, ins na Stáit Aontaiṫe. Aċ ní eaċtráiní ar biṫ iadsan, nó is ag taḃairt cuairt ar tiġ a n-aṫar ag Caorán Mór, Baile Ċonḟaola, a ḃí siad. Glaoḋ siad lena gcolceaṫrar, Tomás Mac Donnċaḋa, Cloċ na Rón, ⁊ ṫug sé iad ar cuairt ċuig a gcuid uncáil, Seán F. agus Pádraic Mac an Rí, agus a n-aintín, M. Bean Ṁic Donnċaḋa, i mBaile Ċonḟaola.

Tá iascaireaċt na mbradán ag éirí níos fearr fríd Ċonamara, ⁊ tóg an tAṫair Ḃallalaiġ, An Líonán, bradán 7 pt., agus é ag iascaireaċt le cuileog ag Loċ Muc, an tseaċtain seo caite.

Ag cruinniú de coiste feaḃsaiṫe an ḃaile, ar an gCloċán, cinneaḋ go gcuirfí stop ar páirceáil caraḃan ar an talaṁ leis an ċoiste ag an promenade, An Cloċán.

An Doṁnaċ seo caite, ḃí cruinniú mór agóide ar an Líonán faoi ċoimirce Craoḃ an Líonáin de Ṁuintir na Tíre, agus noċtaíoḋ ann ċoṁ mí-ṡásta agus atá pobal na h-áite nár ceapaḋ doċtúir cónaiṫe i gceantar íoclainne an Líonáin, go fóill. Ḃí Teaċtaí Dála agus Coṁairleoirí Condae i láṫair agus dúraḋ go gcuirfí an cás ós coṁair an Aire Sláinte nua.

Nuair a ḃí scata gasúr amuiġ ag tóraíoċt sionnaċ i gceantar Eoċras Beag, an tseaċtain seo caite, níor ṁaraiġ siad a ḃfuair siad. Ḃí an tóir ann mar geall ar an méid damáiste atá dá ḋéanaṁ ag sionnaí agus broic, do cearca agus éanlaí insan ċeantar. Aċ, nuair a fuair na buaċaillí ċeiṫre sionnaċ óga, ní ligfeaḋ a gcroí dóiḃ iad a ṁarú ⁊ in ionad sin, ḃí ċuile ḋuine ag iarraiḋ iad a ṫaḃairt na ḃaile mar peataí. B'é an deireaḋ a ḃí ar an scéal gur b'éigin crann a ċaiṫeaḋ cé ġeoḃaiḋ na sionnaí óga mar peataí agus ba iad a ḃuaiġ ná Seán Gordon, Gearóid de Lapp, Ciarán Ó Tuaṫáil ⁊ Seosaṁ de Lapp, agus tá ceann de na sionnaí óga na ḃaile le gaċ duine díoḃa sin. Agus deir siad go dtaḃarfaiḋ siad oiliúint díoḃa ċun éanlaí a ċosaint in áit iad a ag scriosaḋ.

ACAILL

Cúis bróin insan gceantar mórṫimepall ar fad, bás Máire Bean Seoiġe, in aois a 90 bliana, ag a tiġ cónaí féin, ar an Ċorrán. Ḃí sláinte go maiṫ aici go dtí tá mí ó ṡin. Ḃí sí ar ḋuine den ḃeagán atá fágṫa a ṫáinig slán as an tubaist báiṫe in 1894. Ċuaiġ socraid mór léi go reiliġ Gob a' Ċoire, Dé hAoine, taréis Aifreann Solúnta na Marḃ i Seipéal an Ċorráin. Déantar coṁḃrón lena mac Pádraic, i Sasain, agus lena beirt iníonaċ, Máiréad Seoiġe agus Bean Uí Ṁáille.

Ḃí cruinniú agus tuairimċnuasaċt faoi scáṫ Muintir na Tíre, le ionadaiṫe i láṫair ó eagrais agus cumainn ar leiṫ insan ċeantar, in Át Luain, Dé Saṫairn seo caite. Ar na daoine a ḃí i láṫair, ḃí Alf Ó Murċú, Uaċtarán Cumann Lúṫ-Ċleas Gael, agus Dónal Ó Gallċoḃair, O.S., Caṫaoirleaċ Coiste Ċonaċt.

Ċeannaiġ Cumann Peile Acla 60 camáin le taḃairt amaċ do ógánaí sa ṗaráiste. Ḋéanfar é seo ag an ċéad ċruinniú eile den Ċumann, nuair a ḋéanfar na socraiṫe ċoṁ maiṫ fá ċoinne an ċéad léig iománaíoċta insan ṗaráiste. Aċ, ba é an iomáin an ċéad ċluiċe a h-imríoḋ in Acail, nuair a ḋein na h-imreoirí a gcuid camáin féin. Ní hé ón fuinseog atá ann anois aċ ó rútaí aiteann.

Coṁġáirdeaċas leis an Gárda S. S. Mac Ṗaidín, mac le Aoḋ Mac Ṗaidín, agus a ḃean, Dúgoirt, a ċríoċnaiġ a ċúrsa traenála i dTeampall Mór, an tseaċtain seo caite, agus a cuireaḋ amaċ ar diúite go dtí caṫair na Gaillime.

Ag Tosnú i mBliana

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Seán Mac Eoċagáin, T.D., den Aire Airgeadais cé'n uair a ḃí sé ag súil go dtosnófaí ar an leaṫnú den ċéiḃ ag Cill Rónáin, Oileán Árainn? D'ḟreagair Séamas Mac Giobúin T.D., rúnaí pairliminte don Aire Airgeadais, go raiḃ na tairiscintí fá ċoinne oibreaċa ċéiḃ Ċill Rónáin, le ḃeiṫ istiġ roiṁ an 17ú Meiṫeaṁ, 1965, agus go raḃar ag súil go dtosnófar an obair i mbliana.

Laoiġis - Ua bḞáilġe

Sa Dáil an tseaċtain seo caite, nuair a ċuir A. Ó Beirne (Laois-Ua Ḟáiliġ) ceist ar an Aire Tailte, faoi glacaḋ eastáit i seilḃ Ċoimisiúin na Talún, i gCo. Laoiġis, ba é Rúnaí Pairliminte Aire na Gaeltaċta, an tUasal Ó Faċtna, a ṫug freagra, á rá naċ raiḃ sé i gceist an eastáit seo a glacaḋ ar láiṁ san am i láṫair. Tá Aire na Gaeltaċta ina Aire Tailte ċoṁ maiṫ, aċ, níl Rúnaí Pairliminte na Gaeltaċta ina Rúnaí Pairliminte don Aire Tailte.

Ardú ar Ḋeoċanna

Tá sé socraiṫe ag tabarnaiġ na Gaillime go mbeiḋ ardú ins na luaċa ar deoċanna, mar leanas: 2d. an ṗionta ar leann-duḃ ⁊ beoir; 1d. ar buidéal beoraċ nó buidéal leanna; 4d. ar uisce beaṫa agus deoċanna dá leiṫéid agus 2d. ar gloine fíonna.

Ag cruinniú ar an Ċloċán cinneaḋ gurb iad na luaċa seo leanas a ḃeaḋ ar deoċanna feasta:— pionnta leanna, 2s.; leaṫ-ṗionnta, 1s 1d.; buidéal leanna, 1s. 3d.; buideál ale 1s. 6d.; ale tarraingṫe, 2s 2d.; uisce beaṫa, na hÉireann, 5s. an gloine; na hAlban, 5s. 4d. an gloine; rum, 5s. 4d.; gin, 5s.; brandaí, 7s.

Rosmuc

Ag an Ċúirt Dúiċe i nDoire Niaiḋ, cineaḋ Máirtín Ó Niaiḋ, Turloċ, Rosmuc, £5 as a ḃeiṫ ar meisce agus é i gcúram roṫar ag Rosmuc ar an 11ú lá do Aibreán. Ṫug an Gárda P. Ó Liaṫáin, fianaise, agus ḃí P. S. Mac Aoḋa Aturnae, ag cosaint.